Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An chóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 293/08)

Rapóirtéir: **Michael McLOUGHLIN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	31.5.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	15.6.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	579
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	217/0/6

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1 Ní thugtar mórán airde ar phá íosta don óige sa Treoir a eisíodh le déanaí maidir le leordhóthanacht pá íosta san Aontas. Ní leagtar cur chuige amach ann a oireann do chách. Os a choinne sin, ina cáil mar chreat cothrománach, freastalaíonn sí ar thraidisiúin agus ar phointí tosaigh éagsúla agus neartaíonn sí ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus na cómhargála. Dá thoradh sin, is ar dhóigheanna éagsúla a chaitear le 'pá íosta don óige' ó Bhallstát go Ballstát, rud nach mór a bhreithniú a dhéanamh ina thaobh. Molann Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (CESE) don Choimisiún Eorpach, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta machnamh a dhéanamh ar an tsaincheist sin i gcomhréir leis an Treoir agus de réir an mholta ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an idirphlé sóisialta san Aontas a neartú. Iarrann CESE ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta a lánrogha a fheidhmiú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

1.2 Dar le CESE, deis a bhí i mBliain Eorpach na hÓige 2022 breathnú ar shaincheisteanna móra a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga agus tionscnaimh bheartais shuntasacha a ghlacadh a rachaidh chun tairbhe dá seasamh sa tsochaí nó a fhéachfaidh le tionchar a imirt air. I bhfianaise a thábhachtaí atá rannpháirtíocht thairbheach daoine óga i margadh an tsaothair, ba cheart gur eispéireas dearfach a bheidh acu agus páirt á glacadh acu ann den chéad uair. Is mó dochar ná maitheas a dhéanann bearta lena bhfágtar iad faoi mhíbhuntáiste de bharr a n-aoise agus sin amháin. I ndáil leis sin, is díol sásaimh do CESE Bliain Eorpach na Scileanna, a seoladh go hoifigiúil an 9 Bealtaine 2023 mar spreagadh polaitiúil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Cruthaítear léi móiminteam nua chun spriocanna sóisialta an Aontais a bhaint amach faoi 2030.

1.3 Más ann do rialacha difriúla do dhaoine óga maidir le sochair dhífhostaíochta agus íocaíochtaí cúnaimh, d'fhéadfaí cur isteach ar staid daoine óga i margadh an tsaothair agus ar a gcumas a gcearta chun saorghluaiseachta san Aontas a fheidhmiú. Tá an inniúlacht ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le struchtúr agus ábhar a gcóras slándála sóisialta. Iarrann CESE orthu prionsabal an neamh-idirdhealaithe a urramú agus iad i mbun na hoibre sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tsaorghluaiseacht. Molann CESE don Choimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta chun sonraí agus cleachtais náisiúnta a bhailiú freisin i bhfianaise an mholta nua ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta san Aontas a neartú, agus scrúdú á dhéanamh ar an ábhar sin.

1.4 Is minic gur céim chinntitheach le haghaidh lánpháirtiú gairmiúil iad na hintéirneachtaí i dtimpeallacht ghairmiúil a thairgtear do dhaoine óga. Is féidir tionchar an-diúltach a bheith ag intéirneachtaí gan phá agus intéirneachtaí neamhchúitithe ar eispéireas daoine óga i margadh an tsaothair. Tugann CESE dá uídh an rún a ghlac an Coiste sa seisiún iomlánach a bhí aige i mí na Nollag 2022 agus an rún a rith Parlaimint na hEorpa agus molann sé d'institiúidí agus do chomhlachtaí eile an Aontais, lena n-áirítear an Coimisiún, breis spéise a chur sa cheist seo chun a dtiomantas do dhaoine óga a léiriú go follasach tar éis Bhliain Eorpach na hÓige. Tarlaíonn sé in amanna nach n-íoctar daoine i mbun tréimhsí taithí oibre atá an-ghearr agus socrúchán oideachais atá aitheanta agus comhaontaithe go hoifigiúil. Mar sin féin, i gcás

intéirneachtaí fadtéarmacha ina mbíonn daoine i mbun na hoibre céanna a dhéanann fostaithe íoctha, ba cheart íocaíocht a bheith ag gabháil leo. Deirtear sa suirbhé Eorabharaiméadair go raibh luach saothair á fháil ag formhór na n-oiliúnaithe agus go raibh rochtain acu ar chosaint shóisialta ([1]).

1.5 Ag teacht sna sála ar Bhliain Eorpach na hÓige agus ar thionscnaimh eile, is mó béim atá curtha ar shaincheisteanna a bhaineann leis an óige le gairid. Togra amháin a cuireadh chun cinn ná Measúnú tionchair an Aontais Eorpaigh ó thaobh na hóige de chun an measúnú ar thionchar gach beartais nua ar dhaoine óga a phríomhshruthú. Ba é Fóram Eorpach na nÓg a chuir an smaoineamh sin chun cinn agus bhí sé ina ábhar do thuairim ó CESE a foilsíodh in 2022. Tacaíonn CESE go láidir leis an gcur chuige sin maidir le ceapadh beartas mar a leagtar amach i dtuairim a foilsíodh in 2022 ([2]).

1.6 Tá géarchéim COVID-19 agus an cogadh san Úcráin tar éis dochar suntasach a dhéanamh do gheilleagar na hEorpa. Ainneoin na n-iarrachtaí a rinne cuideachtaí fostaíocht a choinneáil, bhí iarmhairtí aige sin ar shaoránaigh na hEorpa agus go háirithe ar dhaoine óga.

1.7 Is geata tábhachtach anois iad tréimhsí oiliúna trína dtéann daoine óga isteach i margadh an tsaothair. Ar mhaithe le rochtain ar fhostaíocht a éascú, ba cheart ábhar foghlama ar ardcháilíocht agus dálaí oibre leordhóthanacha a bheith i gceist le tréimhsí oiliúna agus níor cheart iad a thairiscint in ionad gnáthphost ná mar réamhchoinníoll le haghaidh socrú poist. I bhfianaise na staide reatha, is ag méadú atá an imní, go háirithe i measc daoine óga, go bhféadfadh an ghéarchéim sláinte agus iarmhairtí an chogaidh san Úcráin a bheith ina gcúis le meath ar dhálaí d'oiliúnaithe. Is é an aidhm atá ag an gCoimisiún féachaint an bhfuil an creat ardchaighdeáin do chúrsaí oiliúna á chur chun feidhme i gceart.

2. **Réamhrá**

2.1 Ainmníodh 2022 mar Bhliain Eorpach na hÓige agus chuir CESE in iúl sa tuairim uaidh *Bliain Eorpach na hÓige* gur mian leis go ndíreofaí i mbliana ar phríomhréimsí beartais do dhaoine óga agus nach leor imeachtaí agus deiseanna poiblíochta amháin. Tá a leithéid sin de mhothúcháin agus tuairimí curtha in iúl ag daoine óga, go háirithe ó tharla gur tugadh isteach Bliain Eorpach na hÓige go measartha tobann. Is léir go bhfuil an taithí atá ag daoine óga maidir le dul isteach i margadh an tsaothair agus páirt a ghlacadh ann ar cheann de na saincheisteanna beartais is tábhachtach don ghlúin sin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

2.2 Sa ré seo i ndiaidh COVID-19, tá béim nua ar riachtanais an mhargaidh saothair (riachtanais atá ag athrú), ar chineálacha nua oibre, ar scileanna nua, ar an dúshlán a bhaineann le filleadh ar an áit oibre agus ar an timpeallacht hibrideach a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar na deiseanna agus na rioscaí uile a bhaineann leis sin. Níos tábhachtaí fós, is eol don saol go raibh daoine óga thíos go mór le paindéim COVID-19. Is é sin ceann de na cúiseanna ar ainmníodh 2022 mar Bhliain Eorpach na hÓige. Níor bhain daoine óga amach garspriocanna ríthábhachtacha ina bhforbairt phearsanta agus shóisialta le linn na paindéime. Anuas air sin, bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar oideachas daoine óga agus ar a rannpháirtíocht i margadh an tsaothair.

2.3 Tá roinnt beartais ábhartha ag an Aontas Eorpach i dtaca le daoine óga lena áirithiú go gcuirfear san áireamh iad a mhéid is féidir sa tsochaí agus go bhfuil na deiseanna céanna acu is atá ag gach cuid eile den tsochaí. I nDearbhú na Bratasláive ó 2016, d'iarr ceannairí an Aontais go mbeadh todhchaí eacnamaíoch ann a bhfuil gealladh fúithi do chách, go gcosnófaí an tslí bheatha atá againn agus go gcuirfí deiseanna níos fearr ar fáil do dhaoine óga. Ar an gcaoi chéanna, sa bhrollach a ghabhann le Colún na gCeart Sóisialta luaitear 'gur minic a bhíonn dúshláin chomhchosúla le sárú ag na Ballstáit, amhail neamhionannas suntasach, dífhostaíocht fhadtéarmach agus dífhostaíocht i measc na hóige nó dlúthpháirtíocht idirghlúine, fiú amháin má tá na dúshláin sin éagsúil ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile.'

2.4 Príomhbheartas i ndáil le daoine óga san Aontas Eorpach is ea Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh. Is é is príomhaidhm don straitéis sin daoine óga a chumhachtú agus cur leis an teacht aniar atá iontu trí dhíriú ar thrí réimse gníomhaíochta faoi na ceannteidil *'Engage, Connect, Empower'* (páirt a thabhairt do dhaoine óga, nascadh leo agus cumhacht a thabhairt dóibh). Aithnítear sa straitéis gur mór is riachtanach go gcuirfí bealaí rannpháirtíochta ar fáil do dhaoine óga sa saol daonlathach i dtreo go mbeidh daonlathas feidhmiúil ann, lena n-áirítear don tsochaí i gcoitinne. Faoin gceannteideal *'Engage'*, is é is aidhm do Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh tacú le rannpháirtíocht fhóinteach shibhialta, eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil na ndaoine óga. Meastar sa straitéis gur deis do dhaoine atá sa tsoghluaisteacht chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— inniúlachtaí pearsanta, sóisialta agus sibhialta a fhorbairt agus a neartú;

— smaointeoireacht chriticiúil agus cruthaitheacht a chothú;

— cur lena n-infhostaitheacht;

([1]) Suirbhé a d'fhoilsigh Eorabharaiméadair le déanaí *Integration of young people into the labour market with particular focus on traineeships* [Daoine óga a chomhtháthú i margadh an tsaothair agus béim ar leith á leagan ar thréimhsí oiliúna], Aibreán 2023, suirbhé Eorabharaiméadair (europa.eu).

([2]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 46.

— a bheith ina saoránaigh Eorpacha gníomhacha.

2.5 Aithnítear go háirithe i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh ról na hoibre don óige mar 'spreagadh chun daoine óga a chumhachtú' agus luaitear inti go bhfuil tairbhe faoi leith ag an obair do dhaoine óga agus iad ag teacht ina ndaoine fásta trí thimpeallacht shlán a chur ar fáil dóibh chun cur leis an muinín atá acu astu féin agus chun foghlaim ar bhealach seachfhoirmiúil ([3]).

2.6 Tá sé curtha in iúl ag CESE gur cheart díriú sa Straitéis ar chur chuige trasearnála agus dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh maidir le daoine óga agus na riachtanais agus na cearta atá acu i ngach réimse beartais. Dar leis, ní mór do Chomhordaitheoir Eorpach nua na hÓige a bheith i gceannas ar obair trasearnála agus gur duine sinsearach ba cheart a bheith ann. Ina theannta sin, tá curtha in iúl aige gur mhian leis go gcuirfí beartas an Aontais um an óige san áireamh i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh chun díriú níos mó ar thorthaí, go háirithe i réimsí trasearnála ([4]).

2.7 Tá molta ag CESE go leagfaí síos spriocanna uaillmhianacha sa Straitéis maidir le hobair thrasearnála i réimsí beartais ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an fhostaíocht, an t-oideachas, an tsláinte, an imirce agus an comhionannas. Lena chois sin, mhol an Coiste go dtabharfaí níos mó airde sa Straitéis ar shaincheisteanna ó thaobh na fostaíochta agus an oideachais de, ar nithe iad sin a dhéanann difear do dhaoine óga. Is fíor sin go háirithe ó thaobh an phlé ar thodhchaí na hoibre, chomh maith le forbairt scileanna agus saincheisteanna sóisialta eile amhail meabhairshláinte agus comhionannas.

3. **Daoine óga, margadh an tsaothair agus scileanna**

3.1 Is iondúil go dtugtar an-aird ar dhaoine óga agus ar a n-ionchais fostaíochta agus anailís á déanamh ar mhargadh an tsaothair. Is é is cúis leis sin go bhféadfadh tionchar fadtéarmach a bheith ag an eispéireas atá ag daoine agus iad ag dul isteach i margadh an tsaothair den chéad uair lá is faide anonn. Is fíor an méid sin go háirithe i gcás luathfhágáil na scoile. Ar a mhuin sin, tá tionchar ag luathfhágáil na scoile ar bheagnach 20 % de dhaoine faoi mhíchumas, ráta atá níos mó ná dhá oiread an ráta i gcás daoine óga eile atá 18-24 bliana d'aois ([5]). Tá feicthe againn le paindéim COVID-19 agus leis an gcúlú eacnamaíoch a tharla roimhe seo go bhfuil daoine óga níos leochailí i leith suaití eacnamaíocha agus cora chun donais eacnamaíocha. Is minic gurb iad daoine óga na chéad daoine a chailleann a bpoist agus a bhíonn ag obair in earnálacha ar nós seirbhísí agus is iadsan is mó a mbíonn fostaíocht éiginnte acu. De réir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), tá formhór na n-oibrithe ardáin atá i mbun obair ar líne faoi bhun 35 bliana d'aois agus is iad oibrithe óga is mó atá thíos le héiginnteacht fostaíochta. Sa Ghréig, is in earnáil turasóireachta atá an sciar is mó d'oibrithe óga fostaithe agus iadsan ba mhó a bhí thíos leis an bpaindéim. Sa Spáinn, san Iodáil agus sa Phortaingéil, tá sciar an-mhór daoine óga (os cionn 60 %) ar chonarthaí sealadacha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dífhostaíocht ghasta i gcás géarchéime.

3.2 Is é an tosaíocht ba cheart a bheith ann geilleagar na hEorpa a athbhunú tríd an bPlean Téarnaimh Náisiúnta ([6]) a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus trí na dálaí a chothú lena gcuirfidh ar chumas cuideachtaí fás arís agus poist ar ardcháilíocht a chruthú. Tráth a bhfuil cuideachtaí thíos le heasnaimh saothair agus le heaspa foirne oilte agus deacrachtaí móra ó thaobh na fostaíochta ag bagairt orthu, is ar mhaithe leo féin é leas a bhaint as acmhainneacht gach duine, daoine óga san áireamh.

3.3 Ceann de na nithe is mó a chuireann le slándáil saoil agus le hionchais saoil don chuid is mó de dhaoine, ach go háirithe do dhaoine óga, is ea deiseanna fostaíochta agus scileanna comhfhreagracha. Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 agus ag an gcogadh san Úcráin, ní hamháin ar shaoránaigh ach ar ghnólachtaí freisin. Fágann sin go bhfuil sé níos deacra orthu luach agus poist a chruthú agus aistriú éifeachtach ó phost go post a áirithiú.

3.4 Is léir dúinn go bhféadfadh daoine óga nach ndéanann an t-aistriú ón scoil nó ón gcoláiste go dtí an áit oibre a bheith ag streachailt sna blianta atá le teacht. Bíodh is go mbaineann dúshláin leis an dífhostaíocht d'aon duine atá thíos léi, d'fhéadfadh na dúshláin sin a bheith i bhfad níos mó i measc daoine óga a bhféadfadh sé nach bhfuil na líonraí céanna is gá acu chun dul chun cinn a dhéanamh i margadh saothair atá ag athrú go gasta. Ar an tslí chéanna, má tá sciar amháin den tsochaí as obair, tá tionchar aige sin ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar ár luachanna daonlathacha agus, in imthosca tromchúiseacha, d'fhéadfadh neamhord sóisialta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air freisin, rud atá feicthe in áiteanna sa domhan atá i mbéal forbartha.

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 [COM(2021) 634 final – 2021/0328(COD)] (IO C 152, 6.4.2022, lch. 122).

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 [COM(2021) 634 final – 2021/0328(COD)] (IO C 152, 6.4.2022, lch. 122).

([5]) https://www.disability-europe.net/downloads/1046-ede-task-2-1-statistical-indicators-tables-eu-silc-2018

([6]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 27, daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta.

3.5 Is den tábhacht, dá bhrí sin, cóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair a mheas mar chuid den ghá níos leithne le rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach. Sa chaoi chéanna a bhfeicimid nach mór daoine óga a bheith mar chuid den phobal agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt mar shaoránaigh ghníomhacha, is gné thábhachtach den tsaoránacht é a gcumas tuiscint a fháil ar an ról agus an áit atá acu i margadh an tsaothair agus, go deimhin, a riachtanais a chur in iúl. Ar an tslí chéanna, ba cheart dlúthpháirtíocht idirghlúine a bheith i margadh an tsaothair, maille le cothromaíocht cheart oibre is saoil agus féachaint chuige go mothódh daoine go bhfuil siad ag cur leis an tsochaí. Cé gur fadhb struchtúrach í an dífhostaíocht i measc na hóige in go leor tíortha, amhail an Spáinn, tá cabhair á tabhairt do dhaoine a théann ar scor níos déanaí (suas le EUR 12 000) chun go mbeidh an córas pinsin inbhuanaithe. Fágann sin go bhfuil baol ann nach mbainfear leas as an táirgiúlacht is mó is féidir le daoine óga a ghiniúint sa gheilleagar, faoi mar a luaitear sa tuairim. Ina theannta sin, is deacair poist áirithe a dhéanamh os cionn 65 bliana d'aois.

3.6 Ar an leibhéal eacnamaíoch, is féidir táirgiúlacht níos ísle a bheith mar thoradh ar ráta ard dífhostaíochta i measc na hóige agus easpa cineálacha cur chuige idirghlúine éifeachtacha ar leibhéal na cuideachta mar go bhfuil líon níos lú oibrithe óga ag tabhairt scileanna agus nuálaíocht nua isteach i bpróisis táirgthe. Chomh maith leis sin, tá costas eacnamaíoch ag baint le líon mór daoine dífhostaithe a bheith ann ó thaobh ioncam cánach caillte, sochair leasa shóisialta agus costais scéimeanna gaolmhara. Dar le Eurofound, an costas eacnamaíoch a bhain le daoine óga nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna in 2011, bhí thart ar EUR 153 billiún i gceist leis. Léiríodh na hábhair imní sin i dtuairimí CESE *Obair fhorbhásach agus meabhairshláinte* ([7]), agus i dtuairim *An daonlathas ag an obair* ([8]). Ar deireadh, tá an ráta dífhostaíochta i measc daoine óga faoi mhíchumas atá 25-34 bliana d'aois beagnach dhá oiread níos airde ná ráta dífhostaíochta i measc daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (18 % i gcomparáid le 9 7 %) ([9]).

3.7 Ar leibhéal an duine aonair, i measc na n-iarmhairtí a bhaineann leis an dífhostaíocht i measc na hóige tá droch-mheabhairshláinte agus drochshláinte, maille le rátaí níos ísle sonais, agus d'fhéadfadh éileamh níos mó ar sheirbhísí sláinte poiblí a bheith mar thoradh air sin. Ar a mhuin sin, tá baol níos mó ann go mbeadh sochaí ilroinnte ann mar thoradh ar na cineálacha éagsúla eisiaimh shóisialta a bhféadfadh daoine óga a bheith thíos leo. Is mó seans go mbeidh duine dífhostaithe níos déanaí ina shaol má tá sé i ngreim na dífhostaíochta agus é óg agus tá tionchar diúltach aige sin ar an méid airgid a thuillfidh sé níos faide anonn sa saol nuair a fhaigheann sé post nó má fhaigheann sé post. Tá seans níos mó ann go gcaillfidh daoine óga dífhostaithe scileanna nó go mbeidh siad thíos leis an eisiamh sóisialta i réimsí éagsúla. Is feasach don saol mór tionchar COVID-19 ar mheabhairshláinte daoine óga.

3.8 Is tábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar staid na n-oibrithe óga atá 'lagmhisniúil' agus na ndaoine óga a bhfuil sé deacair orthu dul isteach i margadh an tsaothair. Dúshláin atá i luathfhágáil na scoile agus in athruithe sa scoil. Mar thoradh air sin, is féidir le daoine óga a bheith dall ar dhálaí iarbhír an mhargaidh saothair.

3.9 Dóigh amháin chun cur le gníomhaíocht eacnamaíoch daoine óga is ea iad a spreagadh le bheith ina bhfiontraithe trí thacú lena meon fiontraíochta, lena gcruthaitheacht agus lena gcineálacha cur chuige nuálacha. Trí bhíthin gníomhaíochtaí i mBliain Eorpach na Scileanna, is féidir oideachas maidir leis an bhfiontraíocht a phríomhshruthú agus tógáil ar roinnt samhlacha dea-chleachtais amhail cláir agus comórtais d'fhiontraithe óga.

3.10 Tá an tAontas dáiríre faoi dhúshlán na fostaíochta i measc na hóige agus is í an Ráthaíocht 'threisithe' don Aos Óg an phríomhfhreagairt beartais uaidh chun freagairt air. Ar dtús, ba é cuspóir na Ráthaíochta don Aos Óg a chinntiú go dtairgfí post, taithí oibre, printíseacht, oiliúint nó obair agus oiliúint chomhcheangailte do dhaoine óga idir 18 agus 24 bliana d'aois laistigh de thréimhse shainithe ama tar éis dóibh an scoil a fhágáil nó tar éis dóibh a bpost a chailleadh. Mhol an Coimisiún Eorpach gur cheart an Ráthaíocht don Aos Óg a thairiscint do dhaoine óga laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bpost a chailleadh. Is gealltanas ó Bhallstáit uile an Aontais í an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg lena áirithiú go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint ardchaighdeáin ar fhostaíocht, ar oideachas leanúnach, ar phrintíseacht nó ar thréimhse oiliúna.

3.11 Má táthar chun aistriú éifeachtach ó phost go post a áirithiú, is gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóiriú an oideachais, aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna agus aird a dhíriú ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, ar an oideachas aosach, ar athsciliú agus ar uas-sciliú. Tá CESE á chur i bhfios an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir le limistéar Eorpach oideachais a chruthú, rud lena gcuirtear chun cinn an creat le haghaidh comhar Eorpach maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach.

3.12 Tá sé á thabhairt dá aire freisin an tionscnamh nua ón gCoimisiún maidir le cuntais foghlama aonair, go háirithe micrichreidmheasanna agus an straitéis Eorpach d'ollscoileanna. Tá fuinneamh nua ann agus is é an aidhm atá ann scileanna leordhóthanacha thabhairt do dhaoine óga agus tacú le soghluaisteacht mac léinn óg, printíseach agus fiontraithe.

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Obair fhorbhásach agus meabhairshláinte (tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Spáinne) (IO C 228, 29.6.2023, lch. 28).

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An daonlathas ar láthair na hoibre (tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Spáinne)(IO C 228, 29.6.2023, lch. 43).

([9]) https://www.disability-europe.net/downloads/1046-ede-task-2-1-statistical-indicators-tables-eu-silc-2018

4. **Tionchar COVID-19**

4.1 De réir Eurostat, is iad na daoine óga is mó a bhí buailte ag paindéim COVID-19. Ba é an ráta fostaíochta san Aontas i measc daoine óga (idir 15 bliana d'aois agus 29 mbliana d'aois) sa tríú ráithe de 2020 -2,8 pointe céatadáin i gcomparáid leis an ráta a bhí ann sa tríú ráithe de 2019. Mar sin féin, bhí téarnamh ann sa tríú ráithe de 2021 agus bhí laghdú 0,1 pointe céatadáin ar an ráta fostaíochta i gcomparáid leis an ráta a bhí ann sa tríú ráithe de 2019. Má chuirtear an tríú ráithe de 2020 i gcomórtas leis an tríú ráithe de 2019, tá laghdú ar an ráta fostaíochta i measc ndaoine óga le feiceáil i ngach tír.

4.2 Ina theannta sin, d'aimsigh Eurostat éagsúlachtaí laistigh den Aontas ó thaobh na dtreochtaí sin de. Sa tríú ráithe de 2021, ní raibh tromlach Bhallstáit an Aontais (16 as 27 díobh) tagtha chucu féin go fóill toisc go raibh an ráta fostaíochta i measc daoine óga fós faoi bhun an ráta a taifeadadh sa tríú ráithe de 2019. Taifeadadh na laghduithe is mó sa Phortaingéil, sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa tSeicia agus sa Pholainn (laghdú 3 phointe céatadáin ar a laghad sa tríú ráithe de 2021 i gcomparáid leis an tríú ráithe de 2019). Os a choinne sin, ar na tíortha ina raibh an méadú is mó ar an sciar de dhaoine fostaithe idir 15 bliana d'aois agus 29 mbliana d'aois sa tríú ráithe de 2021 tá Éire, an Fhrainc agus an tSlóivéin, sin i gcomparáid leis an staid roimh COVID-19 (bhí méadú 2 phointe céatadáin ar a laghad ag gach ceann díobh sa tríú ráithe de 2021 i gcomparáid leis an tríú ráithe 2019).

4.3 Tá sé tuairiscithe ag Eurofound, in ainneoin iarrachtaí beartais an Aontais agus na mBallstát chun tacú le daoine óga tar éis ghéarchéim airgeadais 2008, gurbh iad na daoine óga ba mhó a bhí thíos le cailliúint post le linn ghéarchéim COVID-19. Daoine óga den chuid is mó a bhí ag obair sna hearnálacha is mó a raibh tionchar ag srianta paindéime orthu agus ba mhó seans go n-oibreodh siad ar bhonn páirtaimseartha nó ar chonarthaí sealadacha. Dúirt 12 % de dhaoine idir 18 mbliana d'aois agus 29 bliana d'aois a rinne, ar a laghad, dhá bhabhta den ríomhshuirbhé *Living, working and COVID-19* [Maireachtáil, Obair agus COVID-19] gur chaill siad a bpost agus bhí 12 % de mhic léinn dífhostaithe chomh maith. Tuairiscíodh tionchair chomhchosúla maidir le coigilteas, meabhairshláinte agus bochtaineacht.

4.4 De réir shuirbhé Insee ([10]), tháinig meath nach raibh coinne leis ar ghníomhaíocht le linn na chéad dianghlasála de bharr COVID-19 in earrach 2020. Thuairiscigh 73 % de chuideachtaí gur tháinig laghdú níos mó ná 10 % ar a gcuid díolachán, agus dúirt 35 % díobh gur tháinig laghdú os cionn 50 % orthu le linn na tréimhse sin. Dúnadh aon trian de chuideachtaí ar feadh 57 lá, ar an meán. Dhún siad, i bhformhór na gcásanna, i ngeall ar shrianta riaracháin maidir leis an bpobal a ligean isteach (65 %), ach freisin i ngeall ar fhadhbanna ó thaobh an tsoláthair (8 %) nó deiseanna (7 %) de. Bhí tionchar ag an méid sin go háirithe ar ghníomhaíochtaí ina mbítear ag plé leis an bpobal: seirbhísí bia agus dí, an fáilteachas, seirbhísí pearsanta, gníomhaíochtaí cultúrtha agus áineasa agus an t-aeriompar. I Meán Fómhair 2020, bhí 1 % de chuideachtaí fós dúnta.

4.5 Chun dul i ngleic leis an titim thobann sa ghníomhaíocht, rinne níos mó ná 4 as 5 chuideachta iarratas ar an tacaíocht a chuir na húdaráis phoiblí ar fáil: uaireanta oibre laghdaithe (70 % de chuideachtaí), íocaíocht iarchurtha le haghaidh ranníocaíochtaí slándála sóisialta (53 % díobh) agus iasachtaí Stát-urraithe (41 % díobh). Bhí an earnáil bia agus dí (97 %), an earnáil mótarfheithiclí agus an earnáil deisithe mótarfheithiclí (96 %) agus an earnáil fáilteachais (95 %) ag brath go háirithe ar na bearta sin.

4.6 Tháinig ann do ráig eile den phaindéim in 2021. Ansin, i mí Feabhra 2022, thosaigh an choinbhleacht mhíleata san Úcráin agus bhí geilleagar na hEorpa buailte ag na praghsanna arda fuinnimh a bhí ag gabháil léi. Bhí rochtain theoranta ar amhábhair agus ganntanais sa slabhra soláthair agus bhí ardráta boilscithe i gceist leis sin freisin.

4.7 Ina ainneoin sin, rinne na cuideachtaí atá ag feidhmiú i margadh aonair an Aontais a ndícheall poist a choinneáil agus poist nua a chruthú.

4.8 Ó thaobh an oideachais de, thuairiscigh Fóram Eorpach na nÓg nárbh ionann cáilíocht an chianoideachais le linn na paindéime ó áit go chéile agus nár cuireadh aon chúrsa, teagasc ná scrúdú ar fáil do bheagnach dalta óg as gach deichniúr. Creideann thart ar dhá thrian de dhaltaí go raibh 'beagán níos lú' nó 'i bhfad níos lú' á fhoghlaim acu. Creideann trí cheathrú de dhaoine óga imeallaithe go raibh 'beagán níos lú' nó 'i bhfad níos lú' á fhoghlaim acu. Mar sin féin, d'fhéadfadh cúinsí gach duine a bheith an-éagsúil. Chuir éiginnteacht oideachasúil agus dúshláin na foghlama ar líne leis an strus ar dhaoine óga agus bhí tionchar aige sin ar a bhfolláine. Cé nach fios go fóill scála an tionchair, is dóichí go mbeidh tionchar diúltach fadtéarmach ar fhostaíocht, ar thorthaí oideachais, ar an tsláinte agus ar an bhfolláine mar thoradh ar an gcur isteach ar an oideachas. Tá seans ann go mbeadh gnéithe dearfacha ag baint leis an méid sin freisin. D'fhéadfaí deiseanna nua a chur ar fail le haghaidh comhchóras oideachais ina n-úsáidtear cineálacha éagsúla foghlama agus uirlisí teicneolaíochta a bhfuil rochtain ag gach duine óg orthu, lena n-áirítear daoine óga faoi mhíchumas agus daoine i réigiúin iargúlta.

([10]) Institut national de la statistique et des études économiques, https://www.insee.fr/en/statistiques/5018508.

4.9 Fós féin, ar na tionchair is measa a bhí ag paindéim COVID-19, tá an tionchar a bhí aici ar mheabhairshláinte daoine óga. Tá siomptóim an dúlagair, mar shampla imní, traochadh, uaigneas, agus smaointe féinmharaithe, ag dul i méid. Is údar imní don saol í an todhchaí, murab ionann is riamh. De réir taighde a rinneadh san Ostair, níl aon chúnamh faighte ag formhór na ndaoine óga ina thaobh sin. Is é is cúis leis sin an easpa eolais faoi na deiseanna atá ann, ach tá éagothromaíochtaí réigiúnacha agus eacnamaíocha i gceist leis freisin. Tá an féinmharú ina phríomhchúis báis i measc daoine óga sa Spáinn. Léiríodh le linn na paindéime an méid daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Chuir 3 941 dhuine lámh ina bhás féin in 2020, agus bhí 300 díobh siúd idir 14 bliana d'aois agus 29 mbliana d'aois. Níl na hacmhainní ag córais sláinte poiblí chun cabhrú le daoine óga a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Léiríonn an t-eagrán is déanaí de staidéar fadaimseartha ar dhaoine óga agus ar leanaí in Éirinn go bhfuil líon na gcásanna dúlagair agus meabhairghalair méadaithe faoi dhó i measc daoine óga, a bheag nó a mhór.

4.10 Ar an gcaoi chéanna, níor cheart caitheamh leis na daoine óga sin i margadh an tsaothair atá faoi mhíchumas, idir intleachtúil nó fhisiciúil, le níos lú fabhair de bharr a n-aoise, maille lena míchumas, nó ar leithligh uaidh. Ar an gcaoi chéanna, ní mór aird a thabhairt orthu siúd ó limistéir thuaithe iargúlta agus orthu siúd a bhíonn thíos le hidirdhealú inscne.

4.11 Is easnamhach freisin na sonraí staidrimh atá ar fáil maidir le fostaíocht i measc daoine óga faoi mhíchumas. Ba cheart tascairí cainníochtúla, amhail an ráta dífhostaíochta, a fhorlíonadh le táscairí eile, mar shampla an leibhéal oiliúna, cineál an chonartha atá á thairiscint (conradh ar théarma seasta, conradh neamhiata, conradh sealadach), an ráta dífhostaíochta i ngnáthtimpeallacht oibre, ráta na fostaíochta tacaithe nó ráta na dífhostaíochta fadtéarmaí agus an méid sin sa bhreis ar staid shóisialta agus airgeadais na ndaoine óga sin.

5. **Cóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair**

5.1 Tá an comhionannas ar cheann de na príomhphrionsabail agus na príomhchearta atá ag an Aontas Eorpach bunaithe ar an gConradh agus ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus tá reachtaíocht thánaisteach an Aontais mar bhonn taca faoi. Foráiltear le Treoir 2000/78/CE ón gComhairle [11] do chreat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, creat atá fós oiriúnach don fheidhm.

5.2 Is ríléir, mar sin, gur príomhchúram de chuid an Aontais í todhchaí daoine óga agus gur cuid an-tábhachtach dá bhforbairt iad a n-ionchais fostaíochta i margadh an tsaothair. Tá réimse beartas agus ionstraimí ag an Aontas atá dírithe ar dhaoine óga agus ar a seasamh i margadh an tsaothair. I gcomhréir le CFAE agus le prionsabal na coimhdeachta, tá inniúlachtaí ag na Ballstáit maidir le roinnt mhaith de na saincheisteanna sin. Is ar an gcúis sin a bhfuiltear ag díriú ar a gcuid beartas sa tuarascáil seo.

5.3 Bhí tionchar níos mó ag an bpaindéim ar dhaoine óga i gcomparáid le grúpaí eile ar bhealaí éagsúla. I bhfianaise a thábhachtaí atá an t-ábhar seo, bheadh sé cothrom scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha de bheartais maidir le margadh an tsaothair agus, ar an mbonn sin, a chinneadh an gcaitear le daoine óga le níos lú fabhair bunaithe ar a n-aois agus air sin amháin. Mar gheall ar a fhairsinge a d'fhéadfadh an t-ábhar seo a bheith, is den tábhacht a bheith soiléir faoin méid a scrúdaítear sa tuairim seo. Táthar ag díriú ar na neamhionannas is soiléire agus is dírí i ndlíthe nó i mbeartais a fhágann daoine óga faoi bhuntáiste i ngeall ar a n-aois. Ar ndóigh, tá níos mó béime ar na réimsí ina bhfuil an méid is mó faisnéise agus soiléireachta ar fáil. Is iad sin pá íosta, slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta agus, ar bhonn níos lú (mar gheall ar an obair atá déanta ina leith cheana), intéirneachtaí gan phá.

6. **Pá íosta**

6.1 I gcomhréir le CFAE [12] agus le prionsabal na coimhdeachta, is inniúlacht de chuid na mBallstát é an pá íosta. Is féidir leis an Aontas, áfach, bearta a ghlacadh atá ceaptha chun comhar a spreagadh i measc na mBallstát, treoracha san áireamh. Le linn dó Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [13] maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach a glacadh cheana a ullmhú, dúirt an Coimisiún nach leor an pá íosta i bhformhór na mBallstát agus/nó go bhfuil bearnaí i gcosaint an phá íosta, cé gur ann do chosaint pá íosta i mBallstáit uile an Aontais, bíodh sin trí fhorálacha reachtacha ('pá íosta náisiúnta') agus/nó trí chomhaontuithe comhchoiteanna. Is as Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a thagann an togra seo.

6.2 Is é is aidhm don Treoir a áirithiú go mbeidh pá íosta leordhóthanach ag oibrithe san Aontas lena gcuirtear ar a gcumas tuarastal sásúil a bheith acu cibé áit ina mbíonn siad ag obair. Chun an cuspóir ginearálta sin a bhaint amach, bunaítear leis an togra creat chun feabhas a chur ar leordhóthanacht pá íosta agus chun rochtain níos mó ar chosaint pá

---

(11) IO L 303, 2.12.2000, lch. 16.
(12) CFAE 153/pointe 2a agus pointe 2b
(13) Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

íosta a thabhairt d'oibrithe. Tá na cuspóirí sin ábhartha do chórais pá íosta reachtúil agus do na daoine a bhíonn ag brath ar an gcómhargáil. Tá an Treoir ceaptha chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus aird á tabhairt ar shonraíochtaí na gcóras náisiúnta, ar na hinniúlachtaí náisiúnta, ar neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus ar an tsaoirse chonarthach agus lánurraim á tabhairt dóibh.

6.3 Tá pá íosta ar cheann de na réimsí ina gcaitear go neamhionann le daoine óga i mBallstáit an Aontais. Is iad daoine óga is mó a bhraitheann ar phá íosta. Tá duine óg as gach ceathrar ar phá íosta fad is atá pá íosta á fháil ag duine fásta as gach deichniúr. Tá 'pá íosta don óige' socraithe ag roinnt Ballstát agus is lú an pá sin i ngach cás ná an pá íosta ginearálta d'aoisghrúpaí faoi leith. I mBallstáit eile, ní áirítear oibrithe faoi bhun 18 mbliana d'aois ón reachtaíocht maidir le pá íosta. Is amhlaidh atá sa Bheilg, sa Fhrainc, in Éirinn, i Lucsamburg, sa Ghearmáin, i Málta agus san Ísiltír. Siúd is nach bhfuil forálacha na Fraince bunaithe ar aois tá tionchar acu sin ar go leor daoine óga. Tá rátaí laghdaithe eile ann do phrintíseachtaí, ach ní bhaineann siad sin le hábhar na tuarascála seo agus is iondúil go socraítear iad trí chomhaontú idir na comhpháirtithe sóisialta. Tá pá fo-íosta do dhaoine óga sa Ríocht Aontaithe freisin. Tá na sonraí go léir ar fáil san Iarscríbhinn.

6.4 Leis an pá íosta seo don óige, déantar neamhaird ar cheart na ndaoine óga ar phá comhionann ar obair chomhionann agus tá sé léirithe arís agus arís eile i dtaighde EIS go bhfuil sé neamhéifeachtach ó thaobh rátaí fostaíochta a mhéadú i measc daoine óga. Is é an pá comhionann ar obair chomhionann an tsaincheist is tábhachtaí dá bhfuil ann. Go deimhin, tá sé curtha in iúl ag daoine óga d'eagraíochtaí don óige go bhféadfadh sé tarlú, tar éis dóibh post a bheith acu ar feadh tamaill, go mbeadh orthu maoirseacht a dhéanamh ar chomhghleacaithe atá níos sine ná iad agus atá sa phost céanna nó oiliúint a chur orthu, ach go mbeadh pá níos ísle a fháil acu. Iarrtar orthu freisin, in amanna, róil mhaoirseachta a ghlacadh ar phá níos ísle ná a gcomhghleacaithe de bharr na rialachán sin.

6.5 Dá réir sin, cé go gceadaítear do dhaoine óga sna Ballstáit sin tiomáint, vótáil, agus dul isteach san arm agus go gcaitear leo mar dhaoine fásta ar gach uile dhóigh eile, níl siad i dteideal pá íosta iomlán a fháil. San Ísiltír, tá an pá íosta don óige 30 % níos lú ná an pá íosta do dhaoine fásta don aoisghrúpa is óige, rud a chuireann bac ollmhór ar a gcumas saol neamhspleách a bheith acu agus caighdeán maith maireachtála a bheith acu. D'ainneoin gur fhógair an tAontas gurb é 2022 Bliain na hÓige, leis an seasamh polaitiúil a comhaontaíodh sa phróiseas reachtach, ní thugtar dóthain airde ar na fadhbanna éagsúla a bhíonn ag daoine óga.

6.6 I meitea-anailís a rinne EIS le déanaí ar thionchar an phá íosta don óige ina scrúdaítear 43 pháipéar eolaíocha a foilsíodh ó 1990, fuarthas amach, i dtromlach mór na gcásanna, go bhfuil éifeacht an-bheag ag an bpá íosta ar fhostaíocht na hóige, nó nach bhfuil éifeacht ar bith aige uirthi. I gcásanna áirithe, tháinig méadú ar an ráta fostaíochta i measc na hóige nuair a mhéadaíodh an pá íosta do dhaoine óga. Sa mheasúnú tionchair uaidh ar an Treoir, rinne an Coimisiún Eorpach cur síos ar thorthaí taighde ón bPortaingéil, ón mBeilg agus ón Ísiltír ina léirítear nach bhfuil aon tionchar suntasach ag an bpá íosta do dhaoine óga ar rátaí fostaíochta i measc na hóige.

7. **Íocaíochtaí dífhostaíochta**

7.1 D'fhéadfadh sé tarlú freisin go gcaitear le daoine óga ar bhealach difriúil le linn tréimhsí dífhostaíochta. Arís eile, inniúlacht de chuid na mBallstát is é sin den chuid is mó, go háirithe a mhéid a bhaineann le rátaí íocaíochta, tréimhsí íocaíochta agus critéir. Tá an-éagsúlacht sna córais náisiúnta ar fud na hEorpa, gan trácht ar a chasta atá siad. Mar sin féin, is féidir linn cásanna a shamhlú ina mbeadh tionchar ag na éagsúlachtaí sin ar shaincheisteanna amhail fostaíocht agus saorghluaiseacht laistigh den Aontas. D'fhéadfadh sé go mbeadh daoine óga faoi mhíbhuntáiste freisin de bharr na gcóras sochar dífhostaíochta más rud é nár íoc siad isteach sna córais ábhartha ar feadh na tréimhse ama is gá.

7.2 Sa bhreis ar na scéimeanna sin, cuireann na Ballstáit íocaíochtaí cúnaimh shóisialta ar fáil a bhíonn an-éagsúil ó chéile. Is inniúlacht náisiúnta iad na córais chúnaimh shóisialta freisin. Tá formhór mór acu faoi réir tástáil acmhainne. Is casta an scéal a mhéid a bhaineann le haois agus ní leor na híocaíochtaí agus an méid atá sa tuarascáil seo chun léiriú a thabhairt ar an dóigh a bhfuil cúrsaí i ndáiríre. Tá éagsúlachtaí ó thaobh tréimhsí cáilitheacha agus faid de, chomh maith le roinnt tosca eile, ní nach ionadh. Is cinnte go bhfuil gá le sonraí níos fearr agus níos soiléire chun gur féidir tuilleadh taighde a dhéanamh sa réimse sin. Ar a shon sin, is féidir roinnt barúlacha gearra a thabhairt ina thaobh:

— I gcórais áirithe, tá socruithe speisialta ann do dhaoine os cionn 45 bliana d'aois nó d'aoisghrúpaí eile. Tá tréimhsí cáilithe níos giorra i líon teoranta tíortha do dhaoine faoi bhun 25 bliana d'aois.

— Sa tSualainn, i gcás daoine óga dífhostaithe (18-24 bliana d'aois) a ghlacann páirt i gcláir bheartais maidir le margadh an tsaothair agus a fhaigheann 'deontas gníomhaíochta' (*aktivitetsstöd*) lena mbaineann teidlíocht bhunúsach ar shochair dhífhostaíochta, laghdaítear a sochair iníoctha ar bhonn níos tapa, de réir fhorálacha na scéime sochar dífhostaíochta.

— An liúntas a fhaigheann daoine óga atá 18 mbliana d'aois i Lucsamburg, is ionann é agus 70 % den phá íosta sóisialta (*salaire social minimum*) agus an liúntas a fhaigheann iad siúd atá 16/17 mbliana d'aois, is ionann é agus 40 % den phá íosta sóisialta. Deonaítear na liúntais sin tar éis tréimhse feithimh 36 seachtaine agus is féidir an tréimhse sin a laghdú go dtí 26 seachtaine má tá an t-iarratasóir i mbun staidéir.

— I gcás na hÉireann, is ionann an liúntas cuardaitheora poist (íocaíocht cúnaimh) dóibh siúd atá idir 18 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois nach bhfuil 'ag maireachtáil go neamhspleách' agus thart ar 60 % den liúntas do dhaoine fásta. Tugtar an ráta iomlán dóibh siúd a dhéanann cúrsaí agus oiliúint ábhartha.

8. **Intéirneachtaí gan phá**

8.1 Tá iarrtha ag Parlaimint na hEorpa go gcuirfí cosc ar intéirneachtaí neamhíoctha agus is é barúil an Choiste Eorpaigh ar Chearta Sóisialta i gComhairle na hEorpa go bhfágann bearnaí i reachtaíocht na Beilge go bhféadfaí dúshaothrú a dhéanamh ar dhaoine óga trí intéirneachtaí gan phá. De réir an rialaithe ón gCoiste, rud a tháinig as gearán comhchoiteann a chuir Fóram Eorpach na nÓg isteach, fuarthas amach nach dtugann na córais cigireachta saothair atá i bhfeidhm sa Bheilg faoi láthair dóthain cosanta d'oibrithe óga leochaileacha agus d'oibrithe óga atá faoi mhíbhuntáiste.

Ar an iomlán tá éagsúlachtaí móra ann idir creataí rialála agus déine an rialacháin seo, ag brath go háirithe ar na cineálacha éagsúla tréimhsí oiliúna atá ann agus ar an mBallstát. I roinnt Ballstát, ní ann d'aon sainmhíniú dlíthiúil ar thréimhsí oiliúna.

8.2 Leis an Moladh ón gComhairle maidir le creat ardchaighdeáin do thréimhsí oiliúna a glacadh in 2013, féachtar lena áirithiú go ndéanfaidh na tréimhsí oiliúna an t-aistriú ón oideachas go dtí an obair a éascú ar dhóigh éifeachtúil agus infhostaitheacht daoine óga a mhéadú ar an gcaoi sin. Leagtar amach sa togra treoirlínte lenar féidir ábhar foghlama ar ardcháilíocht agus dálaí oibre leordhóthanacha a áirithiú.

8.3 Is féidir intéirneachtaí neamhíoctha a shainiú mar thréimhsí oibre, dála na hoibre sin a dhéanann fostaithe ar íocaíocht, nach bhfuil nasctha le próiseas foirmiúil sainráite oideachais, oiliúna, oibre deonaí nó socrúcháin oibre.

8.4 Ainneoin a ríthábhachtaí atá taithí oibre agus foghlaim trí thaithí ríthábhachtach do dhaoine óga ag tosú amach i margadh an tsaothair, creideann na daoine sin atá ag iarraidh go ndéanfaí beart maidir le hintéirneachtaí gan phá go bhfuil an iomarca daoine óga sáinnithe i bhfáinne fí d'intéirneachtaí gan phá agus taithí oibre ar chaighdeán íseal. Cruthaíonn an méid sin mórdhíomá faoi mhargadh an tsaothair i measc an aoisghrúpa sin.

8.5 Rinne Fóram Eorpach na nÓg scrúdú ar thíortha áirithe agus ar a mbeartais maidir le hintéirneachtaí gan phá. Sa Fhrainc, déantar dianrialú ar intéirneachtaí agus ní féidir iad a eagrú ach amháin laistigh de churaclaim fhoirmiúla oideachais. Is féidir le hintéirneachtaí a mhaireann dhá mhí nó níos lú mar chuid de chlár oideachais a bheith gan phá. Sa Rómáin, tá feidhm ag reachtaíocht shonrach maidir le hintéirneachtaí. Tá intéirnigh i dteideal 50 % den íosphá. Cé go bhfuil intéirneachtaí gan phá ar an margadh saothair oscailte in éadan an dlí, is minic a théitear timpeall ar na dlíthe.

8.6 Níl intéirneachtaí oscailte i margadh an tsaothair sainithe ná rialaithe de réir an dlí agus ní hiad an gnáthrud iad sa Chróit. Bíodh sin mar atá, is ann do chineálacha eile intéirneachtaí atá faoi réir rialála. Sa Bhulgáir, tá intéirneachtaí gan phá lasmuigh de dhlíthe tiomnaithe maidir le hintéirneachtaí dleathach agus is minic a tharlaíonn siad. I gcás intéirneachtaí sa mhargadh saothair oscailte a leanann na dlíthe maidir le hintéirneachtaí, tá intéirnigh i dteideal an íosphá náisiúnta, ar a laghad.

8.7 San Ostair, ba chóir, go teoiriciúil, luach saothair a thabhairt d'intéirneachtaí ar an margadh saothair oscailte de réir comhaontuithe cómhargála earnáilsonracha. Mar sin féin, de réir an dlí, féadfaidh intéirneachtaí ar an margadh saothair oscailte a bheith gan phá má aicmítear iad mar chaidreamh oideachais agus is amhlaidh an cás go hiondúil. Tá obair gan phá neamhdhleathach in Éirinn, ach is minic nach gcuirtear an dlí i bhfeidhm maidir le hintéirneachtaí, agus is cleachtas coiteann iad intéirneachtaí gan phá agus is minic a fhógraítear go poiblí iad.

An Bhruiséil, an 15 Meitheamh 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

IARSCRÍBHINN

Tábla

Rátaí fo-íosta do Bhallstáit roghnaithe den Aontas Eorpach agus don Ríocht Aontaithe amhail Eanáir 2021

Tír	Grúpaí oibrithe	% den ráta iomlán	An t-íosleibhéal pá in 2021 (EUR mura sonraítear a mhalairt)
An Bheilg	Oibrithe atá 16 bliana d'aois nó níos óige (nach bhfuil conradh mac léinn acu)	70	1 138 sa mhí
	Oibrithe atá 17 mbliana d'aois (nach bhfuil conradh mac léinn acu)	76	1 236 sa mhí
	Oibrithe atá 18 mbliana d'aois (a bhfuil conradh mac léinn acu)	82	1 333 sa mhí
	Oibrithe atá 19 bliain d'aois (a bhfuil conradh mac léinn acu)	88	1 431 sa mhí
	Oibrithe atá 20 bliain d'aois (a bhfuil conradh mac léinn acu)	94	1 528 sa mhí
An Fhrainc	Oibrithe a bhfuil níos lú ná sé mhí taithí acu san earnáil atá 15 agus 16 bliana d'aois; oibrithe faoi bhun 16 bliana d'aois a oibríonn le linn shaoire an tsamhraidh	80	1 244 sa mhí
	Oibrithe a bhfuil níos lú ná sé mhí taithí acu san earnáil atá 17 mbliana d'aois	90	1 399 sa mhí
	Daoine óga ar chonarthaí gairmiúla ailtéarnacha, [1] ag brath ar aois agus ar cháilíochtaí roimhe seo	55 go 100	855 go 1 555 sa mhí
	Printísigh, ag brath ar aois, ar shinsearacht agus ar an gcomhaontú earnála is infheidhme	27 go 78	420 go 1 213 sa mhí
	Oiliúnaithe [2]	N/B	3,70 san uair
	Oibrithe faoi mhíchumas atá fostaithe in ionaid shonracha atá tiomnaithe do chuimsiú na n-oibrithe sin	55 go 100	855 go 1 555 sa mhí
An Ghearmáin	Ní bhaineann an pá íosta le daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.	N/B	550 sa mhí
Éire	Oibrithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois	70	7,14 san uair
	Oibrithe atá 18 mbliana d'aois	80	8,16 san uair
	Oibrithe atá 19 mbliana d'aois	90	9,18 san uair
An Laitvia	Daoine ciontaithe (pianbhreith á cur isteach acu i bpríosún)	50	250 sa mhí

Tír	Grúpaí oibrithe	% den ráta iomlán	An t-íosleibhéal pá in 2021 (EUR mura sonraítear a mhalairt)
Lucsamburg	Oibrithe atá 15 bliana d'aois nó níos lú ná 17 mbliana d'aois	75	1 651 sa mhí; 9,55 san uair
	Oibrithe atá 17 mbliana d'aois nó níos lú ná 18 mbliana d'aois	80	1 762 sa mhí; 10,18 san uair
	Oibrithe neamhcháilithe atá 18 mbliana d'aois nó níos sine	100	2 202 sa mhí; 12,73 san uair
Málta	Oibrithe atá faoi bhun 17 mbliana d'aois	95	171 sa tseachtain
	Oibrithe atá 17 mbliana d'aois	96	174 sa tseachtain
An Ísiltír	Oibrithe atá 15 bliana d'aois	30	505 sa mhí
	Oibrithe atá 16 bhliain d'aois	34,5	581 sa mhí
	Oibrithe atá 17 mbliana d'aois	39,5	666 sa mhí
	Oibrithe atá 18 mbliana d'aois	50	842 sa mhí
	Oibrithe atá 19 mbliana d'aois	60	1 011 sa mhí
	Oibrithe atá 20 bliain d'aois	80	1 348 sa mhí
	Oibrithe atá 21 bhliain d'aois	100	1 685 sa mhí
An Phortaingéil	Oibrithe atá i mbun printíseachtaí agus intéirneachtaí	80	621 sa mhí
	Oibrithe faoi mhíchumas	50	388 sa mhí
An Ríocht Aontaithe	Oibrithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois	47,6	GBP 4,15 (EUR 4,62) san uair
	Oibrithe atá idir 18 agus 20 bliain d'aois	52,2	GBP 4,55 (EUR 5,06) san uair
	Oibrithe atá idir 21 agus 24 bliana d'aois	74	GBP 6,45 (EUR 7,17) san uair
	Printísigh atá faoi bhun 19 mbliana d'aois nó atá 19 mbliana d'aois nó níos sine sa chéad bhliain dá bprintíseacht	94	GBP 8,20 (EUR 9,12) san uair

([1]) *Sa Fhrainc, tugann na conarthaí sin deis d'fhostaithe óga cáilíocht ghairmiúil a bhaint amach agus a lánpháirtiú gairmiúil nó a n-athlánpháirtiú a chur chun cinn.*

([2]) *Is féidir gan íocaíocht a thabhairt d'oiliúnaithe más tréimhse oiliúna atá níos lú ná dhá mhí atá ann.*

Nótaí: *Ní áirítear i sonraí na Gearmáine rátaí in aghaidh na huaire ná an chomparáid eatarthu agus na híosleibhéil pá. Is é is cúis leis sin go ríomhtar an t-íosmhéid ar bhonn míosúil seachas ar bhonn uaire. Sa Ghearmáin, ní mheastar íocaíochtaí printíseachta mar phá. Tá oiliúint ionscoile i gceist le printíseachtaí. I dtéarmaí dlí, tá íocaíochtaí printíseachta inchomparáide le stipinní do mhic léinn ollscoile. N/B = neamhbhainteach.*

Foinse: Líonra de Chomhfhreagraithe Eurofound, bunaithe ar fhoinsí náisiúnta oifigiúla.